

Ní féasta go rósta is ní céasta go pósta.	There's no feast like a roast and no suffering like marriage.
Is folamh, fuar teach gan bhean.	A house without a woman is empty and cold.
Trí ghalar gan náire: grá, tochas agus tart.	Three diseases without shame: love, an itch and thirst.
Is fusa duine a ghortú ná a leigheas.	It's easier to hurt someone than to heal them.
Is fearr rith maith ná drochsheasamh.	Better a good run than a bad standing (Discretion is the better part of valour).
Ag duine féin is fearr a fhios cá luíonn an bhróg air.	A person best knows where the shoe troubles him.
Aimsíonn an dall a bhéal.	A blind man can find his mouth.
Aithníonn ciaróg ciaróg eile.	One beetle recognises another beetle. (It takes one to know one.)
Aithnítear cara i gcruatan.	It is in hardship that a friend is recognised.
An gad is giorra don scornach is túisce is ceart a scaoileadh.	The knot nearest the throat is the one to release first. (The most pressing problem should be resolved first.)
An té nach gcuireann san earrach, ní bhainfidh sé san fhómhar.	He who doesn't sow in spring will not reap in the autumn.
An té nach mbeireann ar an ngnó beireann an gnó air.	He who does not get a grip on the job, the job gets a grip on him.
An té nach nglacann comhairle glacfaidh sé comhrac.	Whoever will not accept advice must accept strife.
An té nach trua leis do chás, ná déan do ghearán leis.	He who does not sympathise with your plight, don't make your complaint to him.
Nuair a chruaíonn an tslat is deacair í a sníomh ina gad.	When the rod hardens with age it's difficult to bend it.
An t-ualach ar an ngearrán éasca.	Put the load on the easy horse (gelding.)
An t-ualach is mó ar an chapall is míne.	The willing horse gets the most work.
An t-uan ag múineadh méilí dá mháthair.	The lamb teaching its mother how to bleat.

Ar mhaithe leis féin a bhíonn an cat ag crónán.	The cat purrs to please itself.
Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.	People live in one another's shadow.
Bailíonn brobh beart.	A lot of rushes make up a bundle (every little helps.)
Beart gan leigheas, foighne is fearr dó.	Patience is the best thing for an incurable situation.
Beatha duine a thoil.	A person's will is his life.
Beatha teanga í a labhairt.	It's the life of a language to speak it.
Beidh lá eile ag an bPaorach.	There'll be another day.
Bíonn adharca fada ar na ba thar lear.	Faraway cows have long horns.
Bíonn an fhírinne searbh ach ní fhaigheann sí náire go deo.	Truth is bitter but never ashamed.
Bíonn blas ar an mbeagán.	A little tastes well.
Bíonn blas milis ar phraiseach na gcomharsan.	The neighbour's gruel tastes sweet.
Bíonn caora dhubh ar an tréad is gile.	Every flock has a black sheep.
Bíonn cead cainte ag fear cailte na himeartha.	The man who has lost the match has permission to talk.
Bíonn ceann caol ar an óige.	Youth has a thin head. (Young people act like young people.)
Bíonn cluasa fada ar mhuca beaga.	Little pigs have long ears (little pitchers have big ears - children can understand!)
Bíonn an fhírinne searbh.	Truth is often bitter.
Bíonn dhá insint ar gach aon scéal.	There are two sides to every story.
Bíonn dhá insint ar scéal agus dhá leagan déag ar amhrán.	There are two versions of every story and twelve versions of every song. (There are always two sides to every story.)
Bíonn fear saothar seascair.	A hard-working man is comfortable.
Bíonn gach duine go deas go dtéann	Everyone is nice until a cow gets in the garden.

bó ina gharraí.

Bíonn gach tosach lag.	Every beginning is weak.
Bíonn rath ar an amadán.	A fool is lucky (sometimes.)
Bíonn siúlach scéalach.	People who travel have lots of stories to tell.
Bíonn súil le muir ach ní bhíonn súil le huaigh.	There's hope from the sea but none from the grave. (There is hope of coming back from the sea but none of coming back from the dead.)
Bliain le duine agus bliain ina choinne.	One year with you, one against you.
Breathnaigh an abhainn sula dtéann tú ina cuilithe.	Observe the river before you venture into its currents.
Briseann an dúchas trí shúile an chait.	Nature breaks out through the eyes of the cat.
Buail an t-iarann nuair a bhíonn sé te.	Strike when the iron is hot.
Cad é a dhéanfadh mac an chait ach luch a mharú.	What would the son of a cat do but kill a mouse. (Like father like son.)
Caill do chlú agus faigh ar ais é, agus ní hé an rud céanna é.	Lose your reputation to regain it, but it is never the same.
Caithfidh gach duine deachúna na sláinte a íoc.	Everyone must pay the tithes of health.
Faigheann an tseanbhróg an seanstoca.	The old shoe gets the old stocking.
Faigheann cú ar a a chois rud nach bhfaigheann cú ina lúb.	A hound on his foot gets something a hound in a coil won't.
Faobhar a bhaineas féar.	It's sharpness that mows the grass. (Being smart gets the job done.)
Fear a bhfuil long agus lón aige, gheobhaidh sé cóir lá éigean.	A man who has a ship and cargo will get a fair wind some day.
Fear na bó faoina heireaball.	The cow's owner must go under her tail.
Feileann spallaí do bhallaí chomh maith le clocha móra.	Small shards suit as well as big stones for building walls.
Fiche bliain ag fás, fiche bliain faoi bhláth agus fiche ag trá.	20 years a'growing, 20 years in bloom and 20 years in decline.

Filleann feall ar an fheallaire.	Treachery rebounds on the betrayer.
Fill ormsa arsa'n drochghnó.	Come back to me says the bad business. (Do it right the first time.)
Filleann an feall ar an fheallaire.	The evil deed returns to the evildoer.
Fuineadh de réir na mine.	Kneading according to the meal. (To live within one's means.)
Gach dalta mar oiltear.	Every pupil is as he is trained.
Galar gan náire an tart.	Thirst is a shameless disease.
Déanann codladh fada tóin lom.	A long sleep makes for a bare bottom.
Giorraíonn beirt bóthar.	Two people shorten the road.
Glacann fear críonna comhairle.	A wise man accepts advice.
I dtosach na haicíde is fusa í a leigheas.	It is easier to cure illness at the start.
I dtús an mhála is ceart an tíos a dhéanamh.	Exercise thrift at the beginning of the bag.
I ndiaidh a chéile a thógtar na caisleáin.	Castles are built one after the other. (Rome wasn't built in a day.)
Imíonn an tuirse is fanann an tairbhe.	Tiredness goes away and the benefit remains.
Iomad den aithne a mheadaíonn an tarcaisne.	Familiarity breeds contempt.
Is ait an mac an saol.	Life is strange.
Is báidhiúil iad lucht aoncheirde.	Birds of a feather flock together.
Is beag an rud is buaine ná an duine.	Even small things are more long-lasting than a person.
Is beo duine tar éis a bhualte ach ní beo é tar éis a cháinte.	A person is alive after being beaten but not after his good name is taken. (Sticks and stones may break my bones.)
Is binn béal ina thost.	A silent mouth sounds sweet. (Silence is golden.)
Is breá an ní an óige ach ní thagann sí faoi dhó.	Youth is a fine thing but it does not come twice.

Is breá an rud an óige ach í a cheansú.	Youth is a fine thing if it is tamed.
Is cleasach an peata an saol.	Life has many a trick to play on people.
Is cuma le tae cé ólfas é.	Tea doesn't mind who drinks it.
Is cuma leis an bhacach cé a líonann a mhála.	The beggar cares little as to who fills his bag.
Is cuma nó muc duine gan seift.	A shiftless person is the same as a pig.
Is cróga gach madadh i ndoras a thí féin.	Every dog is bold in his own doorway.
Is fearr súil le glas ná súil le huaigh.	Better to look forward to prison than to the grave.
Is fearr súil romhat ná dhá shúil i do dhiaidh.	Better one look before you than two behind.
Is fial stiall ó leathar dhuine eile.	It's a generous stripe from another person's leather.
Is furasta fuineadh in aice na mine.	It's easy to knead next to the mill. (It's easy to do something if you have the means.)
Is furasta le neamhfhonn leithscéal a fháil.	It's easy for those who are unwilling to find an excuse (not to do something).
Is fusa duine a ghortú ná a leigheas.	It's easier to hurt someone than to heal them.
Is geal gach nua agus is searbh gach gnáth.	Every novelty is bright and every commonplace is bitter.
Is geal leis an bhfiach dubh a ghearrcach féin.	To the raven its own nestlings are white.
Is geall le scíth malairt oibre.	A change of work is as good as a rest.
Is glas iad na cnoic i bhfad uainn.	Faraway hills are green
Is í an chiall cheannaithe an chiall is fearr.	Sense bought dearly is the best kind.
Is í an dias is troime is ísle a chromann a ceann.	It is the heaviest ear of corn that bows its head lowest. (Genuine talent is modest.)
Is í an lámh a shíntear, an lámh a cháintear.	A helping hand gets the blame.

Is iad na muca ciúine a itheann an mhin.	It's the quiet pigs who eat the meal.
Is in ithe na putóige a bhíonn a tástáil.	The proof of the pudding is in the eating.
Is iomaí cor a chuireann an saol de.	Life goes through many twists and turns.
Is iomaí cor a chuireann maidin earraigh di féin.	A spring morning goes through many changes. (Things change quickly.)
Is iomaí craiceann a chuireas an óige di.	Youth sheds many a skin
Is ionann an cás an t-éag is an bás.	Expiring and dying is the same thing. (Six of one and half a dozen of the other.)
Is leor nod don eolach.	A hint is enough to the wise.
Is lia gach othar i ndiaidh a leighis.	Every patient is a surgeon after he is cured.
Is lú ná fríd máthair an oilc.	It takes very little to cause trouble.
Is mac do mhac go bpósfaidh sé, ach is iníon d'iníon go rachaidh tú i gcré.	A son is a son until he marries. A daughter is forever.
Is maire a dhéanann an t-olc is a bhíonn bocht ina dhiaidh.	Woe to the one who does evil and does not profit by it.
Is maire a dheanann deimhin dá dhóchas.	Woe to he who checks out what he hopes to be true.
Is maith an chearc nach mbeireann amuigh.	The good hen doesn't lay outside.
Is maith an scáthán súil carad.	A friend's eye is a good mirror.
Is maith an scéalaí an aimsir.	Time is a good messenger. (Time will tell.)
Is maith an t-anlann an t-ocras.	Hunger is a tasty sauce.
Is maith an t-iománaí an duine ar an chlaí.	The man on the ditch is a great hurler. (It's easy to give advice but not so easy to do things.)
Is maith an tráth éirithe an an tsláinte.	It's a good time to get up when health is restored.
Is maith Dia go lá agus ní fearr ná go brách.	God is good and his help is always there.

Is maith leis an chat iasc ach ní maith leis a chrúba a fhliuchadh.	The cat likes fish but he doesn't like to get his paws wet.
Is maith searrach na dea-lárach.	The good foal comes from the good mare. (Breeding counts.)
Is maol gualainn gan bhráthair.	it's a bare shoulder without a brother. (A shoulder without a friend is undefended.)
Is measa a ghlam ná a ghreim.	His bark is worse than his bite.
Is minic a bhain dealg beag braon.	It is often a small thorn drew blood.
Is minic a bhí cú mall sona.	It's often a slow hound was content.
Is minic a bhí fear maith i seanbhríste.	There's often a good man in old trousers.
Tuigeann fear léinn leathfhocal.	A hint is enough for a wise man.
Múineann gá seift.	Need teaches a plan. (Necessity is the mother of invention.)
Mura bhfuil agat ach pocán gabhair, bí i lár an aonaigh leis.	If you've only got a buck goat be in the middle of the fair with it. (Make the most of what you've got.)
Mura bhfuil tine agat féin déan do ghoradh leis an ngréin.	If you haven't got a fire of your own, go heat yourself with the sun. (Make the most of what's there.)
Mura gcuirfidh tú san earrach ní bhainfidh tú san fhómhar.	If you don't sow in spring you won't reap in autumn.
Ná bac le mac an bhacaigh is ní bhacfaidh mac an bhacaigh leat.	Mind your own business.
Ná beannaigh don diabhal go mbeannaí sé duit.	Don't greet the devil until he greets you. (Don't go looking for trouble.)
Ná bí ag iarraidh ciall a chur ar amadán.	Don't try to counsel a fool.
Ná bí beag ná mór leis an chléir.	Be neither friendly or unfriendly with clergy.
Ná cuir dailtín le teachtaireacht.	Never send a youngster with a message.
Ná cuir do leas ar cairde.	Don't procrastinate.

Ná déan nós is ná bris nós.	Don't make a custom and don't break a custom.
Ná díol do chearc lá fliuch.	Choose your time carefully for doing a deal.
Ná gearradh do theanga do shrón féin.	Let your tongue not cut off your nose.
Ná glac duine choíche ar a thuairisc fhéin.	Never accept anyone's own opinion of themselves.
Ná glac pioc comhairle gan comhairle ban.	Never take advice without a woman's guidance.
Na héiligh do cheart go bhfeicfear do neart.	Don't demand your rights until you know your strength.
Ná leathnaigh do bhrat mura féidir leat a chosaint.	Don't unfurl your flag if you are unable to defend it.
Ná lig do leas ar cairde.	Don't neglect your advantage.
Ná mol agus ná cáin thú féin.	Neither praise nor criticise yourself.
Ná tabhair breith ar an chéad scéal.	Never judge on first opinions.
Ní breac é go raibh sé ar an bport.	Don't count your fish till it's landed.
Namhaid an cheird gan í a fhoghlaim.	If you don't learn your trade, it becomes your enemy.
Ní bheathaíonn na briathra na bráithre.	Words don't make the monks fat. (Fine words butter no parsnips.)
Ní bhfuair minic onóir.	Familiarity breeds contempt.
Ní bhíonn airgead amadáin i bhfad ina phóca.	A fool's money doesn't remain for long in his pocket.
Ní bhíonn bua mór gan chontúirt.	There is never a great victory without danger.
Ní bhíonn deatach ann gan tine.	There is no smoke without fire.
Ní bhíonn fear náireach éadálach.	A shy man won't be rich.
Ní bhíonn in aon rud ach seal.	Nothing lasts forever.
Ní bhíonn rath ach mar a mbíonn smacht.	There is only success where there is discipline.
Ní bhíonn saoi gan locht ná daoí gan tréith.	A wise person always has faults and a fool always has talents; even Homer nods.

Ní bhíonn sé ina cheol i gcónaí ag bean an pháobaire.	It's not all music for the piper's wife.
Ní bhíonn tréan buan.	Intensity is not lasting/enduring.
Déan mórán agus can beagán.	Do a lot and say little.
Ní breáthacht a dhéanann brachán ach min.	It's not beauty but meal that makes the porridge.
Ní buan cogadh na gcarad; má bhíonn sé crua, ní bhíonn sé fada.	A war between friends doesn't last.
Ní chreidtear an fhírinne ó bhréagadóir.	The truth is not believed from a liar. (Don't cry wolf.)
Ní cleas é go ndéantar trí huaire é.	It isn't a trick until it is done three times.
Ní den chríonnacht an chinnteacht.	It is not wise to be too sparing.
Ní dheachaigh fial ariamh go hIfreann.	A generous person never went to Hell.
Ní dhéanfaidh an saol capall rása d'asal.	The world won't make a racehorse out of a donkey.
Ní dhéanfaidh smaoinemh an treabhadh duit.	Thinking will not do the ploughing for you.
Ní dhíolann dearmad fiacha.	Just because you've forgotten a debt, it doesn't mean you no longer owe it.
Ní féidir bheith ag feadaíl is ag ithe mine.	You can't whistle and eat meal at the same time.
Ní féidir é a bheith ina ghruth is ina mheadhg agat.	You can't have it as curds and whey. (You can't have it both ways.)
Ní féidir leis an ngobadán an dá thrá a fhreastal.	You can't be two places at once.
Ní fhaigheann dorn dhruide ach lámh iata.	A closed fist gets nothing but a closed hand. (If you're not generous, you'll not get generosity.)
Nuair a bhíonn an cat amuigh bíonn an luch ag rince.	When the cat sleeps the mouse dances.
Nuair a stadann an ceol, stadann an rince.	The dance is over when the music stops.

Nuair is crua don chailleach caithfidh sí rith.	When it's tough for the hag she has to run. (You can do hard things when you have to.)
Nuair is gann é an bia is fial é a roinnt.	When the food is scarce it's generous to share it.
Oíche aerach is maidin bhrónach.	A lively night and a sad morning.
Ól agus beidh meas ort, ná hól agus beidh rath ort.	Drink and you'll be esteemed, don't and you'll be prosperous.
Pós bean ón sliabh agus pósfaidh tú an sliabh ar fad.	Marry a woman from the mountain and you will marry the entire mountain.
Ritheann fear buile trí thuile go dána, ach is minic a thug tuile fear buile le fána.	A crazy man runs through a flood boldly, but it's often a flood swept a crazy man away.
Roghnaigh do chuideachta sul a dtéann tú ag ól.	First choose your company before drinking.
Rud ar bith leis an ocras a mhaolú, mar a dúirt an damhán alla agus é ag ithe na míoltóige.	Anything to lessen the hunger, as the spider said while eating the gnat.
Sceitheann fíon fírinne.	Wine gives away the truth. (People tell the truth when they are drunk.)
Sciúrdann éan as gach ealta.	A bird flies out of every flock.
Sé airgead na n-óinseach a chuireas bróga ar bhean an phíobaire.	It's the fools' money that puts shoes on the piper's wife.
Seachain an duine a bhíonn ina thost.	Beware of the person of few words.
Seachnaíonn súil an ní nach bhfeiceann.	An eye disregards what it does not see.
Síoda ar Shiobhán is na preabáin ar a hathair.	Silk on Siobhán and her father in rags.
Siúlach scéalach.	The traveller has stories/news.
Súil le cúiteamh a mhilleann an cearrbhach.	Hope of recompense is what destroys the gambler. (Don't blindly hope.)
Tabhair rogha don bhodach agus is é an díogha a thoghfaidh sé.	Give a choice to the churl and it's the worst he will pick.

Tagann gach aon rud lena iomrá ach madadh rua agus marbhán.	Everything comes when it's mentioned but a fox and a dead man. (Speak of the Devil and he's sure to appear.)
Taithí a dhéanann máistreacht.	Practice makes perfect.
Tar éis a thuigtear gach beart.	It is easy to be wise after the event.
Tarraingíonn scéal scéal eile.	One story leads on to another.
Téann íseal agus uasal chuig tórramh.	Both poor and rich attend funerals. (Everyone dies.)
Tír gan teanga tír gan anam.	A country without a language is a country without a soul.
Tógfaidh dath dubh ach ní thógfaidh dubh dath.	A coloured cloth will take a black dye but a black cloth will not take a coloured dye. (Easier to blacken a reputation than to restore it.)
Tosach sláinte codladh : deireadh sláinte osna.	The beginning of health is sleep: the end of health is a sigh.
Tuigeann Tadhg Taidhgín.	Like understands like.
Tús grá, síoramharc.	The beginning of love, continually looking.
Tús maith leath na hoibre.	A good start is half the work.
Is fearr Gaeilge bhriste, ná Béarla cliste.	Broken Irish is better than clever English.
An lao ite i mbolg na bó.	Money spent before it is earned. (Don't count your chickens before they're hatched.)
An luibh nach bhfaightear is í a fhóireann.	The herb that can't be found is the very one which works.
An muileann a bhíonn ag síormheilt, meileann sé idir mhaith is dhona.	The person who talks a lot, speaks good and bad.
An rud a chíonn an leanbh is é a níonn an leanbh.	What the child sees the child does.
An rud a scríobhann an púca, léann sé féin é.	What the pooka writes, the pooka can read. (The person who created it can understand it).

An rud a théann i bhfad téann sé i bhfuaire.	What goes on for a long time loses its attractiveness.
An rud a thig thar dhroim an diabhail, imíonn sé faoina bholg.	What is got over the devil's back, it goes under his belly. (Ill-gotten gains are spent in evil ways).
An rud is measa le duine ná a bhás féin, b'fhéidir gurb é lár a leasa é.	The very thing a person dreads most in the world could be the best thing for him.
An rud is annamh is iontach.	What's seldom is wonderful. (Sort of man bites dog).
An rud nach bhfuil leigheas air caithfear cur suas leis.	What can't be cured must be endured.
An rud nach féidir, ní féidir é.	The impossible cannot be done. (What can't be done can't be done).
An rud nach fiú é a lorg, ní fiú é a fháil.	What is not worth seeking, is not worth finding.
An té a bhfuil ainm an mhochóirí air, thig leis codladh go meán lae.	If a person has a reputation as an early riser, they can sleep until midday.
An té a bhfuil builín aige gheobhaidh sé scian lena ghearradh.	The man who has a loaf will get a knife to cut it.
An té a bhíonn ag magadh, bíonn a leath faoi féin.	When a person mocks other people, half of the mockery is towards himself.
An té a bhíonn amuigh fuaraíonn a chuid.	The one who is out, his share gets cold.
An té a bhíonn siúlach bíonn sé scéalach.	Travellers have tales to tell.
An té a bhíonn thuas óltar deoch air, an té a bhíonn thíos buailtear cos air.	He who is successful is saluted with a drink, he who is down is kicked.
An té a chaillfeas a chlú, caillfidh sé a náire.	He who loses his reputation, loses his shame.
An té a luíonn le madaí, éireoidh sé le dreancaidí.	He who sleeps with dogs, rises with fleas.
An té a mbíonn an rath ar maidin air bíonn sé air tráthnóna.	He who is lucky in the morning tends to be luck in the evening too.
An té is ciúine is é is buaine.	He who is silent is the stronger.

An té a thabharfadh scéal chugat tabharfaidh sé dhá scéal uait.	The person who brings a story to you will bring two stories away from you. (One story leads to another).
An té is giorra don teampall ní hé is giorra don altóir.	He who is nearest the church is not nearest the altar.
An té nach bhfuil láidir ní foláir dó bheith glic.	He who is not strong has to be clever.
Caora mhór an t-uan i bhfad.	The lamb becomes a big heavy sheep over distance.
Castar na daoine ar a chéile ach ní chastar na cnoic ná na sléibhte.	People meet (eventually) but not so the hills and mountains.
Ceannaigh an maor is ní baol duit an máistir.	Buy the steward and you won't fear the master.
Folaíonn grá gráin.	Love is blind
Chomh díomhaoin le laidhricín píobaire.	As idle as a piper's little finger.
Chomh folláin le bradán.	As healthy as a salmon.
Chomh salach le teach na gearc.	As dirty as the hen house
Chonaic mé cheana thú, mar a dúirt an cat leis an bhainne te.	I saw you before, as the cat said to the warm milk...
Ciall agus míciall - dís nach réitíonn le chéile.	Sense and nonsense - two which do not go together.
Coimhead fhearg fhear na foighde.	Beware of the anger of a patient man
Cothú na doininne, soineann na hoíche.	The calmness of the night nurtures the storm.
Cuir an breac san eangach sula gcuire tú sa phota é.	Put the trout in the net before you put it in the pot. (Don't count your chickens before they're hatched.)
Cuir gach rud ar an mhéar fhada agus beidh an mhéar fhada róghairid ar ball.	Put everything on the long finger and the long finger will be too short in time. (If you postpone everything you will run out of time.)
Cuir síoda ar ghabhar - is gabhar fós é.	Put silk on a goat, it's still a goat

Dá dhonacht é Séamas ba mheasa bheith ina éagmais.	However bad Séamas is it would be worse to be without him.
Dá fhad a théann an sionnach, beirtear air sa deireadh.	However far the fox goes, he gets/is caught in the end.
Dá fhad lá tagann oíche.	However long the day, night comes.
Dá fhad í an oíche tiocfaidh an lá.	However long the night, day will come.
Dá ghile an t-éadach, is fusa é a shalú.	The whiter the cloth the easier soiled.
Dá mbeadh soineann go Samhain bheadh breall ar dhuine éigin.	If it was fine till Halloween someone would be unhappy.
Is gaire cabhair Dé ná an doras.	God's help is nearer than the door.
Déanann ceann ciallmhar béal iata.	A wise man keeps his counsel.
Dhá dtrian den damhsa an chosúlacht.	Two thirds of dancing is making it look right.
Dhá éan a mharú le haon urchar amháin.	To kill two birds with one stone.
Tagann gach maith le cairde.	No grace comes singly.
Is maith le Dia féin cúnamh.	God himself likes a bit of help.
Dia idir sinn agus an anachain!	God between us and all harm!
Doras feasa fiafraí.	Asking is the door to knowledge.
I dtús an mhála is ceart a bheith tíosach.	It's at the beginning of the bag that one must be economical.
Mura gcuireann tú san earrach ní bhainfidh tú san fhómhar.	If you don't sow in Spring you won't reap in Summer.
Fág an drochscéal san áit a bhfuair tú é.	Leave the bad tale where you found it.
Faichill a thóna féin ar gach fear.	Everyman to guard his own rear (and the devil take the hindmost).
I dtosach na haicíde is fusa í a leigheas.	It's at the beginning of the disease it is easiest to cure.
Is deacair ceann críonna a chur ar cholainn óg.	It's hard to put a wise head on young shoulders.
Is deacair rogha a bhaint as dhá	It's hard to choose between two evils.

dhíogha.

Is deas an rud an beagán ach é a dhéanamh go maith.	Little is best if well done.
Is dóigh le fear gan chiall gurb é féin fear na céille.	The man without sense thinks that he is the sensible one.
Is é an buille réidh is fearr.	The gentle blow is best, easy does it.
Is é an t-uisce fuar a scallann an falsóir.	Cold water scalds the lazy man.
Is é buille an phinn an buille is fealltaí.	The stroke of the pen is the most treacherous.
Is fada an bóthar nach bhfuil aon chasadh ann.	It's a long road that has no turning. (Your luck will change).
Is fada siar a théann iarsma an drochbhirt.	The trail of a bad deed goes a long way.
Is faide a théann an dúchas ná an fhoghlaim.	Nature goes further than nurture.
Is fearr a bheith ag lorg bia ná goile.	Looking for food is preferable to looking for an appetite.
Is fearr a bheith díomhaoin ná droch-ghnóthach.	Better to be idle than up to no good.
Is fearr an t-imreas ná an t-uaigneas.	Arguing is better than loneliness.
Nuair a bhíonn an braon istigh bíonn an chiall amuigh.	When the drop is in the sense is out. (Drunk people act senselessly).
Is fearr an tsláinte ná na táinte.	Health is better than great wealth.
Is fearr beagán cuidithe ná mórán trua.	A little help is better than a lot of sympathy.
Is fearr beagán den ghaol ná mórán den charthanas.	A little relationship is better than a lot of charity.
Is fearr bheith as an saol ar fad ná as an fhaisean.	Better out of the world entirely than out of fashion.
Is fearr cara sa chúirt ná punt sa sparán.	Better a friend in court than a pound in the purse.

Is fearr cogar i gcluas Nóra ná scairt ón chnoc is airde.	Better a whisper in Nóra's ear than a shout from the highest hill. (Don't shout about everything).
Is fearr deimhin ná díomá.	Better sure than sorry.
Is fearr éan sa dorn ná beirt sa tom.	Better a bird in the hand than two in the bush.
Is fearr glas ná amhras.	A lock is better than doubt. (Better safe than sorry.)
Is fearr go mall ná go brách.	Better late than never.
Is fearr lán doirn de cheird ná lán mála d'ór.	A fistful of a trade is better than a bagful of gold.
Is fearr leath ná meath.	Half is better than nothing (literally: decaying).
Nuair a bheidh do lámh i mbéal an mhadaidh tarraing go réidh í.	When your hand is in the hound's mouth withdraw it gently.
Is fearr marcaíocht ar ghabhar ná coisíocht dá fheabhas.	Better to ride on a goat than the finest walking.
Is fearr réchonn ná iarchonn.	Foresight is better than hindsight.
Is minic a bhí mórán grá ar bheagán aitheantais.	There was often a lot of love on small acquaintance.
Is minic a bhris béal duine a shrón.	It's often a person's mouth broke his nose.
Is minic a chealg briathra míne cailín críonna.	Many a prudent girl was led astray with honeyed words.
Is minic a óladh ar shála briste.	It's often drink was taken on broken heels.
Is minic a rinne béal na huaighe déirc ar bhéal na trua(ighe).	The mouth of the grave often gave alms to the mouth of sorrow. (People grieving are comforted by inheritance).
Is minic a rug cú mall ar ghiorria.	It is often that a slow hound captured a hare.
Is minic bean an ghréasaí ag caitheamh drochbhróg.	It is often the shoemaker's wife that wears the worst shoes.
Is minic bréag ar aonach.	There is often a lie at the fair. (Business isn't straight).
Is minic ciúin ciontach.	Silence often indicates guilt.

Is minic paidrín fada ag rógaire.	The rogue frequently has a long rosary. (Rogues often pretend to be pious.)
Is mór a fheictear don díomhaointeas.	Idleness sees a lot.
Is mór é luach na foighne.	Patience is worth a lot.
Is namhaid an cheird gan í a fhoghlaim.	The craft is an enemy when not learned.
Is olc an chearc nach scríobann di féin.	It's a poor hen won't scratch for itself.
Is olc an ghaoth nach séideann maith do dhuine éigin.	It's a bad wind that doesn't blow good for someone. (Someone always benefits from adversity).
Is olc an t-éan a shalaíonn a nead féin.	It's a bad bird that soils its own nest.
Is ón cheann a thagann an cheird.	The craft comes from the head.
Is onóraí poll ná paiste.	A hole is more honourable than a patch.
Is searbh píobaire an aonphoirt.	It's not sweet music from the one-tune piper. (Variety is interesting).
Is sleamhain an leac ag doras duine uasail.	The flagstone is slippery at the door of a decent man.
Is treise an dúchas ná an oiliúint.	Heredity is stronger than nurture.
Is treise toil ná tuiscint.	Will is stronger than understanding.
Is trom an t-ualach an leisce.	Laziness is a heavy load.
Is trom cearc i bhfad.	Even a hen becomes a burden on a long journey.
Is túisce deoch ná scéal.	A drink precedes a story. (When someone comes to your house, you should offer them a drink first).
Leigheas an phótaire, ól arís.	The drinker's cure, drink again.
Luigh leis an uan agus éirigh leis an éan.	Go to sleep with the lamb and rise with the bird. (Early to bed and early to rise.)
Mair a chapail is gheobhaidh tú féar.	Live horse and you will get hay.
Maireann an chraobh ar an fhál ach ní mhaireann an lámh a chuir.	The branch lives on the fence but not the hand that planted it.
Maireann croí éadrom i bhfad.	A light heart lives longest.

Marbh le tae agus marbh gan é.	Dead with tea, dead without it.
Más cam díreach an ród is é an bóthar mór an t-aicearra.	Be it crooked or straight, it's the main road is the shortest way.
Más gearr é do scéal is greannmhar.	The shorter the story the funnier.
Más maith leat do mholadh faigh bás: más maith leat do cháineadh pós.	If you want to be praised, die: if you want to be criticized, marry.
Más olc maol is measa mullach.	If it's bad on the flat it's worse at the summit.
Más peaca bheith buí tá na mílte damanta.	If it's a sin to be weather-beaten then thousands are damned. (Beauty is only skin-deep).
Mian mic a shúil.	A child wants everything he sees.
Cailín ag Mór agus Mór ag iarraidh déirce.	Mór has a servant girl while she herself is out begging.
Mol an lá um thráthnóna.	Don't praise the day until evening.
Mol an óige agus tiocfaidh sí.	Praise youth and it will improve.
Mol gort is ná mol geamhar.	Praise the fully-grown crop and not the stubble. (Don't count your chickens before they hatch).
Molann an obair an fear.	The work praises the man.
Ní fhanann tráigh le héinne.	Time and tide awaits no man.
Ní fiú bheith ag seanchas agus an anachain déanta.	No point in talking when the damage is done.
Ní aithne go haontíos.	You won't know someone until you live with him or her.
Ní haon ualach an chiall.	Sense is not a heavy burden.
Ní hé lá na báistí lá na bpáistí.	The rainy day is not the day for children.
Ní hé lá na gaoithe lá na scolb.	You don't thatch on a windy day. (Do things at a sensible time.)
Ní heaspa go díth carad.	There is no lack so bad as the lack of a friend.
Ní uaisle mac rí ná a chuid.	A prince is no nobler than what he does. (It's not who you are, it's what you do).
Ní ionann dul go teach an rí agus teacht as.	It's not the same thing to go to the king's house and to come out of it.

Ní lia duine ná tuairim.	People are not more numerous than opinions.
Ní lia tír ná gnás.	There are not more countries than there are customs.
Ní mar a shíltear a bhítear.	Things are not always as they seem.
Ní mhealltar an sionnach faoi dhó.	You won't fool the fox a second time.
Ní mhilleann deaghlór fiacail.	A kindly word doesn't harm a tooth.
Ní neart go cur le chéile.	Unity is strength.
Níor líon beannacht bolg riamh.	A blessing never filled a belly.
Ní ólann na mná leann ach imíonn sé lena linn.	Women don't drink beer but it disappears when they're around.
Ní raibh an cuibheasach ina thaoiseach maith ariamh.	The mediocre never make great leaders.
Ní scéal rúin é más fios do thriúr é.	It isn't a secret if three knows it.
Ní sheasann sac folamh.	An empty sack won't stand.
Ní sia gob an ghé na gob an ghandail.	The goose's beak is no longer than the gander's.
Ní thagann an crúiscín slán ón tobar i gcónaí.	The jug doesn't always come safely from the well.
Ní thagann caonach ar chloch reatha.	A rolling stone gathers no moss.
Ní thagann ciall roimh aois.	Sense doesn't come before age.
Ní théann dlí ar an riachtanas.	No law applies to necessity. (Necessity knows no law.)
Níor dhruid Dia doras ariamh nár oscail sé ceann eile.	God never closed a door without opening another.
Ní thig leis an ghobadán an dá thrá a fhreastal.	The sandpiper cannot serve two strands. (You can't be in two places at once).
Ní thuigeann sách seang, má thuigeann, ní in am.	The well-fed don't understand the thin, and if they do, it's too late.
Ní troimide an loch an lacha.	The lake is not heavier for having the duck on it.
Níl aon tinteán mar do thinteán féin.	There's no place like home.
Níl íseal ná uasal ach thíos seal agus	There is neither low not high but down for a

thuas seal.	while and up for a while.
Níl leigheas ar an gcathú ach é a mharú le foighne.	There is no cure for regret but to kill it with patience.
Níl leigheas ar an ghrá ach pósadh.	Love's only remedy is marriage.
Níl luibh ná leigheas in aghaidh an bháis.	There is no herb or medicine against death.
Níor chaill fear an mhisnigh riamh é.	The man of courage never lost it.
Níl saoi gan locht ná daoí gan tréith.	There is no wise man without a fault nor any fool without a good feature.
